An Seilide

Is firín beag mise
Mo theach ar mo dhroim,
Adharca fada
Ag fás amach uaim.

Ithimse glasraí
Go mall is go reidh.
Cóilis don dinnéar
Is leitís don tae.

Sleamhnaím thart
Ar chloch is ar chré.
Anois cé hé mise?
Is seilide mé !



A Nóra Bheag

"A Nóra bheag, cá raibh tú 'réir?"
'Sé dúirt mo mhamaí liomsa
"I gcúl a' tí ag tobar an uisce
'Foghlaim coiscéim damhsa"

'Gus íomba Nóra, Nóra, Nóra
'Gus íomba 's tú mo ghrá geal
'Gus íomba Nóra is tú mo stóirín
Tá mise dúnta i ngrá leat

B'aite le Nóra pís agus pónaire
B'aite le Nóra bainne.
B'aite le Nóra prátaí rósta
Is d'íosfadh Nóra an t-im leo

'Gus íomba Nóra, Nóra, Nóra
'Gus íomba 's tú mo ghrá geal
'Gus íomba Nóra is tú mo stóirín
Tá mise dúnta i ngrá leat